# Ráiteas Príobháideachais

Tá feidhm ag Airteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag Parlaimint na hEorpa.

1) Cé a phróiseálann do shonraí pearsanta?
   - Tá Parlaimint na hEorpa ag gníomhú mar an rialaitheoir [1] agus is é seo a leanas an t-eintiteas atá freagrach as an bpróiseáil: Parlaimint na hEorpa > Ardrúnaíocht na Parlaiminte > An Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha an Aontais > An Stiúrthóireacht do chearta na Saoránach agus do Ghnóthaí Bunreachtúla, arna hionadú ag SPEISER Michael.
   - Is féidir leat dul i dteagmháil leis an rialaitheoir/eintiteas ag seoladh ríomhphoist oifigiúil na Rúnaíochta atá freagrach as an gcruinniú sonrach a eagrú: budg-secretariat@ep.europa.eu; cont-secretariat@ep.europa.eu; econ-secretariat@ep.europa.eu; fisc-secretariat@ep.europa.eu; empl-secretariat@ep.europa.eu; envi-secretariat@ep.europa.eu; itre-secretariat@ep.europa.eu; imco-secretariat@ep.europa.eu; tran-secretariat@ep.europa.eu; regi-secretariat@ep.europa.eu; agri-secretariat@ep.europa.eu; pech-secretariat@ep.europa.eu; cult-secretariat@ep.europa.eu; juri-secretariat@ep.europa.eu; libe-secretariat@ep.europa.eu; afco-secretariat@ep.europa.eu; femm-secretariat@ep.europa.eu; peti-secretariat@ep.europa.eu; beca-secretariat@ep.europa.eu; aida-secretariat@ep.europa.eu; anit-secretariat@ep.europa.eu.

2) Cad é an cuspóir atá le do shonraí pearsanta a phróiseáil?
   - Próiseálfar do shonraí pearsanta chun go ndéanfaí, ag an deireadh, cruinnithe na gCoistí/na bhFochoistí a eagrú agus obair leantach a dhéanamh orthu. Sa chreat sin, tugtar cuireadh do phearsana poiblí, d'oifigigh agus do shaineolaithe a bheith rannpháirteach agus tá fothacair éagsúla sonraí ann a phróiseáiltear:

     - Sonraí pearsanta agus gairmiúla (ainm, teideal, eagraíocht, CV, etc.) a bhailiú agus a chartlannú chun críche trédhearcachta agus faisnéise (a luaitear i ndréachtchláir oibre, fógraí suímh gréasáin, a chuirtear in iúl trí ríomhphost chuig FPEnna, nuachtlitir, etc.)

     - Sonraí aitheantais agus teagmhála aíonna a bhailiú agus a chartlannú agus iad a chur chuig an tseirbhís creidiúnaithe chun rochtain ar áitribh Pharlaimint na hEorpa a áirithiú.

[1] Is é an Rialaitheoir an t-údarás, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile poiblí a chinneann, ina aonar nó go comhpháirteach, críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta. Déanann ceann an eintitis ionadaíocht ar an rialaitheoir.

- Comhpháirteanna closamhairc, íomhá agus guth, a bhailiú agus a chartlannú, chun críocha lóistíochta, cumarsáide nó trédhearcachta (sruthú gréasáin, grianghraif, córas cruinnithe Interactio, etc.). Déanann AS COMM (sruthú gréasáin, grianghrafadóireacht), AS LINC (Interactio) sonraí a phróiseáil faoi chomhordú na rúnaíochta atá freagrach.
- Bailiú sonraí airgeadais (sonraí cuntas bainc, etc.) le haghaidh aisíoc na gcostas incháilithe d'aíonna éisteachtaí. Déanann AS FINS na sonraí a phróiseáil ansin. - Taifeadtaí fuaime na gcruinnithe idir an coiste/fochoiste agus na comhordaitheoirí seachas an gnáthshruthú gréasáin a bhailiú agus a chartlannú chun caillteanas féideartha faisnéise a chosc.

3) Cad é an bunús dlí atá leis an bpróiseáil?

Is an bunús dlí atá leis an bpróiseáil ná Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, Rialacha lena rialaítear "Pasanna agus Údaruithe lena dtugtar Rochtain ar Áitribh na Parlaiminte", Rialacha maidir le hÉisteachtaí Poiblí, Cinneadh ón mBiúró an 18 Meitheamh 2003 arna leasú an 16 Eanáir 2017 agus Moladh Uimh. 1/2016 maidir le bailiú sonraí pearsanta ar shuíomhanna gréasáin Pharlaimint na hEorpa. Rialachán 2018/1725, go háirithe Airteagal 5.1 a), agus d) ar an toiliú arna iarraidh maidir le haistriú CVanna saineolaithe. Thairis sin, is é Airteagal 10, go háirithe mír 2, litir g), an bunús dlí le haghaidh catagóirí speisialta sonraí.

4) Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?

D'fhéadfaimis do shonraí a phróiseáil a bhaineann le gairm, le tréithe fisiciúla, le huimhir theileafóin nó sonraí cumarsáide, le ballraíocht i gceardchumainn, le tuairimí polaitíochta, le creideamh reiligiúnach / fealsúnach, le tréithe fisiciúla duine amhail íomhá agus guth (grianghraif, taifeadtaí cruinnithe), le ballraíocht i gClár Trédhearcachta AE, agus cuimsiú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/138 an 5 Feabhra 2021 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 maidir le bearta sriantacha sonracha a dhírítear i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1128.

5) Cén chaoi a bpróiseálfar do shonraí pearsanta?

Próiseáil uathoibríoch atá ann sa mhéid go ndéantar í ar ríomhaire agus trí ríomhphost. Baineann próiseáil sonraí le sonraí pearsanta áirithe a iarraidh agus a fháil ón aoi, leis an bhfaisnéis sin a úsáid chun rochtain (fhisiciúil) don aoi a iarraidh, agus CV an aoi a fhoilsiú ar an gcomhad cruinnithe agus ar leathanach gréasáin an Choiste ábhartha.

6) Cá fhad a dhéanfar do shonraí pearsanta a stóráil?

Déanfar do shonraí pearsanta a stóráil don fhad a shonraítear sa tábla bainistithe cartlannaithe iata (an dáta teacht i bhfeidhm ná an 2 Deireadh Fómhair 2008). Mar phrionsabal, ní choinnítear sonraí ar feadh tréimhse níos faide ná is gá chun na gcríoch ar bailíodh na sonraí ná a ndearnadh tuilleadh próiseála orthu ina leith.

Ar chúiseanna riaracháin, is féidir a mheas gurb í an teorainn ama atá éigeantach le haghaidh stóráil sonraí pearsanta chun cuspóir chruinniú an choiste a bhaint amach (ainm, post nó ról gairmiúil an aoi, íomhánna, taifeadtaí gutha, físeáin nó grianghraif den aoi) ná an tréimhse go dtí deireadh an chéad téarma reachtaigh eile inar tharla an éisteacht phoiblí. I gcomhthéacs na n-éisteachtaí poiblí, déanfar roinnt sonraí pearsanta, nach meastar a bheith éigeantach chun cuspóir chruinniú an choiste a bhaint amach (lena gciallaítear CVanna, sonraí rannpháirtíochta agus sonraí uile eile nach bhfuil dianghá leo le haghaidh chruinniú an choiste), a stóráil go dtí go mbeidh an éisteacht phoiblí agus an obair leantach ar fad curtha i gcrích. Cuirtear an obair leantach i gcrích nuair a ghlacann an Coiste miontuairiscí na héisteachta poiblí agus nuair a fhoilsítear na miontuairiscí ar shuíomh gréasáin an choiste.

7) Cé hiad faighteoirí do shonraí pearsanta?

Seo a leanas faighteoirí do shonraí pearsanta, seachas an rúnaíocht ábhartha:
AS IPOL: An tAonad Cumarsáide agus For-rochtana, an tAonad Airgeadais
AS SAFE: An tAonad Creidiúnúcháin
AS COMM An preasoifigeach agus an tseirbhís um shruthú gréasáin
AS LINC Ateangairí agus oibritheoirí Interactio
AS FINS Saineolaithe a aisíoc (via Aonad Airgeadais AS IPOL)

Thairis sin, roimh éisteacht phoiblí, seoltar fógra ina mbíonn ábhar, clár, agus doiciméid chúlra na héisteachta trí ríomhphost chuig liosta teagmhálaithe Rúnaíocht an Choiste (áirítear leis an liosta seo Baill den Choiste sin agus a gcúntóirí, foirne na ngrúpaí polaitíochta atá ag obair sa Choiste agus i Rúnaíocht an Choiste). Leis an gclár, áirítear ainm, post, agus ról gairmiúil an aoichainteora agus d'fhéadfadh íomhánna / grianghraif den aoichainteoir a bheith san áireamh leis freisin.

8) An gcomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach nó le heagraíocht idirnáisiúnta?

**Ní dhéanfar sin**, ní chomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach ná le heagraíocht idirnáisiúnta.

9) An bhfuil aon phróiseas uathoibríoch[2] agus/nó próifíliú[3] ann a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit?
**Ní úsáidtear**.

10) Mura bhfuarthas sonraí pearsanta uait, cad é is foinse dóibh?

Ar bhonn eisceachtúil, bíonn cásanna ann ina bhfaigheann rúnaíochtaí an Choiste sonraí ón eagraíocht dá n-oibríonn an saineolaí.

11) Cad iad na cearta atá agat?
Seo a leanas na cearta atá agat:
- An ceart chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta.
- An ceart go ndéanfaí ceartúcháin ar do shonraí pearsanta.
- An ceart go ndéanfaí léirscriosadh ar do shonraí pearsanta.
- An ceart go gcuirfí srian le próiseáil.
- An ceart chun iniomparthachta sonraí.
- An ceart cur i gcoinne próiseála.
- An ceart chun do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan dochar do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a fháil roimh an tarraingt siar.
- An ceart chun teagmháil a dhéanamh le hoifigeach cosanta sonraí Pharlaimint na hEorpa ag dataprotection@europarl.europa.eu.
- An ceart chun gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ag edps@edps.europa.eu.

---

[2] Cinneadh a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe amháin agus gan aon bhaint ag an duine leis. {Samplaí Teoiriciúla: leathanach gréasáin ina ndéanfar thú a chur go huathoibríoch ar liostaí éagsúla seoltaí agus roghanna áirithe á roghnú agat, ina ndéanfar an nuachtlitir chomhfhreagrach mhíosúil a sheoladh chugat / ag baint úsáid as córas uathoibrithe chun freagraí tástála 'Ilrogha' a mharcáil agus pasmharc a thabhairt de réir líon na bhfreagraí cearta}.

[3] Le próifíliú, déantar anailís ar ghnéithe de phearsantacht, d'iompar, d'ábhair spéise agus de nósanna an duine aonair chun tuartha nó cinntí a dhéanamh ina leith. Úsáidtear é chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe nó chun gnéithe a thuar a bhaineann le feidhmíocht an ábhair sonraí ag an obair, a staid eacnamaíochta, a shláinte, a roghanna pearsanta nó a dhíol spéise, a iontaofacht nó a iompraíocht, a shuíomh nó a ghluaiseachtaí, etc. {Sampla Teoiriciúil: nuair a úsáidtear uirlisí meán sóisialta, déantar sonraí a bhailiú agus do chuid treochtaí a chlárú. Ansin úsáidtear na sonraí sin chun tuartha nua/difriúla a dhéanamh i do leith.}